

Meabhrán Eurojust 2020 ar Fhianaise ón Láthair Chatha

Dáta: Meán Fómhair 2020

URL: <https://europa.eu/!QY46cM>

Achoimre Feidhmiúcháin

Tuairiscítear i *Meabhrán Eurojust ar Fhianaise ón Láthair Chatha* ar na féidearthachtaí reatha agus ar na heispéiris maidir le úsáid a bhaint as fianaise ón láthair chatha in imeachtaí coiriúla i mBallstáit AE agus i dtíortha neamh-AE. Cuireadh an tuarascáil seo le chéile tar éis moladh a fháil ón gComhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta AE nuashonrú a dhéanamh ar an gcéad eagrán de *Meabhrán Eurojust ar Fhianaise ón Láthair Chatha*, rud a foilsíodh i mí an Mheithimh 2018. Tá na tuarascálacha seo mar chuid d'iarrachtaí an Aontais Eorpaigh malartú faisnéise a neartú i réimse na frithsceimhlitheoireachta, lena n-áirítear rochtain a fháil ar fhaisnéis ón láthair chatha agus í a úsáid in imscrúduithe agus in ionchúisimh.

Tá an tuarascáil bunaithe ar fhreagraí ar cheistneoir a cuireadh chuig údaráis bhreithiúnacha náisiúnta. Leagtar amach inti an creat dlíthiúil is infheidhme agus tugtar inti forléargas ar an gcaoi a bhfaightear faisnéis ón láthair chatha ó fhórsaí míleata agus ó ghníomhaithe eile. Déantar imscrúdú ar eispéiris na n-údarás náisiúnta i ndáil le faisnéis ón láthair chatha a úsáid mar fhianaise, mar aon leis na catagóirí d'fhianaise ón láthair chatha dá dtagraíonn freagróirí. Cé nár tuairiscíodh i *Meabhrán Eurojust ar Fhianaise ón Láthair Chatha* ach eispéiris theoranta maidir le fianaise ón láthair chatha a úsáid, léirítear i dtuarascáil 2020 gur bhain roinnt tíortha úsáid as fianaise den chineál sin le blianta beaga anuas ina gcuid imeachtaí coiriúla i gcoinne trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta agus i gcoinne daoine eile a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad cionta coiriúla le linn coinbhleachtaí armtha. Tugtar aghaidh sa tuarascáil freisin ar na dúshláin a sainaithníodh agus ar na bealaí inar féidir iad a shárú, chomh maith le bearta chun malartú faisnéise a neartú.

I measc na ráiteas deiridh atá inti tá léiriú ar rannpháirtíocht leanúnach Eurojust sa réimse seo. Leanfaidh Eurojust le malartú eipéireas náisiúnta sa sceimhlitheoireacht agus i bpríomhchásanna coireanna idirnáisiúnta a éascú agus tá sé tiomanta do chomhoibriú leanúnach le Europol maidir leis na hábhair sin. Déanfaidh Eurojust iarracht freisin leanúint lena chomhoibriú le húdaráis na Stát Aontaithe maidir le faisnéis ón láthair chatha in iarracht chomhpháirteach chun feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as faisnéis den chineál sin mar fhianaise in imeachtaí coiriúla.